NEW NEW NEW 19/9/2003 4:00 am Page 1

COMHAIRLE CONTAE CHIARRAÍ

PLEAN OIDHREACHTA

2003-2007

KERRY COUNTY COUNCIL

HERITAGE PLAN

BROLLACH

Mar Mhéara ar Chontae Chiarraí, is ábhar bróid dom a bheith bainteach leis an bplean seo. Is é a mhothaíonn duine ar fud an phlean seo, ilchineálacht na hoidhreachta atá againn i gCiarraí. Nascann gnéithe éagsúla na hoidhreachta ina chéile sa tírdhreach, agus is de bharr na tírdhreacha sainiúla atá againn i gCiarraí atá an áit chomh breá le cónaí agus le hobair ann.
Léiríonn an plean go soiléir an gá atá le cur chuige comhordaithe maidir le caomhnú na hOidhreachta. Is gá tuilleadh fáis agus forbartha ar bhonneagar agus ar eacnamaíocht Chontae Chiarraí, ach chomh maith leis an ngá atá againn leis an bhfás seo, is gá dúinn ár nOidhreacht a chosaint.

Beidh mé ag súil go mór leis an bplean a fheiscint á chur i bhfeidhm ar fud an chontae sna cúig bliana romhainn. Is céim thábhachtach an Plean Oidhreachta seo do Chontae Chiarraí i dtaca le saibhreas na hoidhreachta i gCiarraí a thuiscint agus a aithint, agus maidir lena shocrú cad is cóir dúinn a dhéanamh ina thaobh sna cúig bliana romhainn.

Michael Healy-Rae, Comhairleoir Contae,
Méara Chontae Chiarraí.

Cuireann Plean Oidhreachta Chomhairle Contae Chiarraí chun suntais an gá atá le comhoibriú uainn go léir - fir, mná agus páistí an Chontae - chun ár n-oidhreacht thógtha agus nádúrtha a chosaint agus a fheabhsú.

Is mó grúpa agus duine a bhí bainteach le dréachtadh an phlean. Léirigh leibhéal suime an phobail le linn na tréimhse comhairliúcháin poiblí an paisean a mhúsclaíonn an oidhreacht.

Is mian liom an deis seo a ghlacadh buíochas a ghabháil le Una Cosgrave, Oifigeach Oidhreachta, le Joe MacGrath, Stiúrthóir Seirbhíse Pobail agus Fiontair, leis an gComhairle Oidhreachta, leis an Coiste Polasaí Cultúir, Oidhreachta agus Aíneasa, le Nora Marie Muprhy, Aoife Leahy agus Fiona Fitzgerald. Tá buíochas ag dul chomh maith do bhaill an Fhóraim Oidhreachta as a gcúnamh le linn na hoibre.

Ned O'Sullivan, Comhairleoir Contae,
Cathaoirleach, Coiste Polasaí Cultúir, Oidhreachta agus Aíneasa

FOREWORD

As Mayor of County Kerry I am proud to be associated with this plan. Throughout the plan one is struck by the diversity of Heritage that exists in Kerry. In landscape all elements of heritage come together and it is our unique landscapes that make our county a wonderful place to live and work.
The plan highlights the need for a co-ordinated approach to Heritage conservation. The infrastructure and economy of County Kerry needs to continue to grow and develop but we need to balance this need for growth with protecting our Heritage.
I look forward to seeing the plan implemented throughout the county over the coming five years.

This Heritage Plan for County Kerry is an important step in understanding and identifying the wealth of Heritage that exists in Kerry and what we should do about it over the next 5 years.

MICHAEL HEALY-RAE MCC
Mayor of County Kerry

Kerry County Councils Heritage Plan highlights the need for all of us, Kerry men women children, to work together in the protection and enhancement of our built and natural Heritage.
Throughout the process of the plans' drafting many groups and individuals were involved. The level of interest by the public during the plans public consultation phase demonstrated the passion that exists when one is dealing with Heritage.
I would like to take this opportunity to thank Una Cosgrave Heritage Officer, Joe MacGrath Director of Service for Community and Enterprise, The Heritage Council, Culture, Heritage and Recreation Strategic Policy Committee, Nora Marie Murphy, Aoife Leahy and Fiona Fitzgerald. Thanks are also due to the members of the Heritage Forum for their assistance throughout the process.

NED O SULLIVAN MCC
Chairman Culture, Heritage and Recreation Strategic Policy Committee

PLEAN OIDHREACHTA

1 1999 ba é Comhairle Contae Chiarraí, i gcomhpháirtíocht leis an gComhairle Oidhreachta, an chéad Udarás Áitiúil chun Oifigeach Oidhreachta a cheapadh. Beartas nua ab ea an post seo a léirigh athrú riachtanais, agus athrú meoin i leith na hOidhreachta. Tiomnaíodh an tUdarás Áitiúil do chaomhnú agus do chosaint na hOidhreachta arís eile sa bhliain 2002, nuair a cinneadh post buan laistigh den Chomhairle Contae a dhéanamh de phost an Oifigigh Oidhreachta.

Tá obair ar siúl le trí bliana anuas ar Phlean Oidhreachta a chur le chéile. Bunaíodh Fóram Oidhreachta, ar a raibh trí ghrúpa saineolaithe a bhí lonnaithe sa Chontae, saineolaithe i gcúramaí Ailtireachta, i gcúramaí Seandálaíochta agus Músaem, agus ar *Flora & Fauna*, chun cúnamh a chur ar fáil.

Pléann an plean le hilchineálacht ár n-oidhreachta tógtha agus nádúrtha, agus baineann sé go dlúth le phlean thábhachtacha eile don Chontae. Is iad sin Meitheal Chiarraí, an straitéis a d'ullmhaigh Bord Forbartha an Chontae le haghaidh Chiarraí; agus an Plean Forbartha Contae féin a leagann amach Polasaí Pleanála maidir le Forbairt agus Caomhnú sa Chontae. An Plean Ealaíon, Plean na Gaeilge, agus an Plean Leabharlainne, a bhfuil aidhmeanna sonraithe i ngach ceann ar leith acu maidir le caighdeáin an tsaoil chultúrtha agus na gníomhaíochta cultúir sa chontae a fheabhsú. Éiríonn an Plean as Polasaí Rialtais agus cuimsíonn sé na riachtanais reachtacha náisiúnta agus idirnáisiúnta, chomh maith leis na cleachtais chaomhnaithe is fearr.

Is í aidhm an Phlean Oidhreachta, thar thréimhse cúig bliana, eolas a scaipeadh agus Comhairle Contae Chiarraí agus an pobal i gcoitinne a chumasú chun oidhreacht an Chontae a thuiscint, i dtreo gur móide a meas uirthi.

Céad chéim is ea é, ina aithnítear íogaireacht agus sainiúlacht ár n-oidhreacht mar acmhainn chomónta dár gcuid. Is léir ar fud an doiciméad nach bhfuil ar chumas Chomhairle Contae Chiarraí féin na gníomhartha seo a chur i gcrích ina haonar, ach go mbeidh go leor comhpháirtíochta i gceist le Ranna Rialtais, aonáin ar suim leo an cúram, grúpaí cultúir, agus gníomhaireachtaí náisiúnta agus contae.

Táim ag tnúth leis na dúshláin a bheireann an plean seo chugainn mar Údarás Áitiúil. Creidim gur chomhartha é an plean a fhógraíonn tuiscint agus meas nua ar oidhreacht shaibhir Chontae Chiarraí.

M. D. Nolan,
Bainisteoir Contae.

In 1999, Kerry County Council in partnership with the Heritage Council, was the first Local Authority to appoint a Heritage Officer. The post was a new concept reflecting changing needs and attitudes towards our Heritage. In 2002, The Local Authority reaffirmed its commitment to heritage conservation and protection by establishing the Heritage Officer post as a permanent post within the Council.

Work has been ongoing over the past 3 years in drawing up this Heritage Plan. A Heritage Forum consisting of 3 groups of county based experts in Architecture, Archaeology & Museums and Flora & Fauna was formed to assist the process.

The plan deals with our diverse built and natural heritage and is strongly linked with other important plans for the County. These are Meitheal Chiarraí the strategy prepared by the County Development Board for the County, The County Development Plan itself which sets out Planning Policy for Development and Conservation in the County, the Arts Plan, the Irish Language Plan and the Library Plan each of which details objectives for enhancing the quality of cultural life and activities in the county. The Plan reflects Government Policy and incorporates national and international legislative requirements as well as best conservation practice.

The Heritage Plan aims over its 5-year term to help bridge information gaps and build capacity within Kerry County Council and among the public at large to understand and respect the heritage of the county.

It is first step in the acknowledgement of the uniqueness and fragility of our heritage as a resource which we each share. Throughout the document, it can be seen that the actions can not be carried out solely by Kerry County Council but will require many partnerships with Government Departments, interested individuals, cultural groups and agencies, national and county based.

I look forward to embracing the challenges this plan will bring for us as a Local Authority. I believe this Plan will herald in a new spirit of respect and understanding for the rich heritage of County Kerry.

M. D. NOLAN
County Manager

RÉAMHRÁ

Thar na blianta d'éirigh le Contae agus le hOidhreacht Chiarraí, ar imeall thiar na hEorpa, teacht slán ón scrios a leanann an mórbhrú forbartha. Tá an brú atá ar oidhreacht shainiúil íogair an chontae faoi láthair níos géire ná aon ní a d'fhéadfaí a shamhlú san am atá caite.

Tearmann deiridh, náisiúnta agus idirnáisiúnta, is ea an Contae i gcás speiceas agus tírdhreacha éagsúla. Má táimid leis an oidhreacht shainiúil, leithleach, ilchineálach seo de chuid an Chontae a shlánú, ní foláir do gach duine í a aithint agus í a chaomhnú le teann measa. Is gá dúinn an acmhainn seo nach bhfuil inathnuaite a chaomhnú, fad a éascaítear forbairt inbhuanaithe. Tá sé ríthábhachtach dúinn na ceisteanna a bhaineann le forbairt inbhuanaithe a thuiscint, i dtreo go mairfidh agus go saothróidh an cuairteoir, an feirmeoir agus an fear gnó i dtiúin lena chéile agus lena n-oidhreacht, bídís ón áit nó gan a bheith. Socraíodh ar an bPlean Oidhreachta seo mar chéad chéim feasachta ar cheisteanna oidhreachta, agus ar fhorbairt pholasaithe réamhghníomhaíochta. Níl sa phlean ach tús. Beidh scata pleananna ag teastáil, chomh maith le comhoibriú suntasach agus cistiúchán, chun caomhnú na hoidhreachta, oideachas agus forbairt inbhuanaithe a chraobhscaoileadh mar is cóir ar fud an chontae, agus thar an speictream gníomhaíochta a bhaineann leis an Oidhreacht.

Cuireann na gníomhartha a luaitear sa phlean polasaí agus reachtaíocht náisiúnta agus idirnáisiúnta san áireamh, chomh maith le deis gan cháim a chur ar fáil do Chomhairle Contae Chiarraí:

- aidhmeanna a chomhlíonadh agus tionscadail a chur i gcrích laistigh den phlean.
- Oibriú le gníomhaireachtaí eile.
- Polasaí a chomhordú.
- Cistiúchán a aimsiú.

Tá Údaráis Áitiúla ag tiomsú pleananna Oidhreachta chun cur le tuiscint ar ár n-oidhreacht i measc údaráis rialtas, gníomhaireachtaí náisiúnta, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus pobail logánta; agus chun a dheimhniú go mbeidh ár gcuid cinnteoireachta i leith a bhfuil i ndán dár n-oidhreacht choiteanna chomh heolghaiseach agus is féidir. Is é atá i gceist an gá atá le hathruithe cuí a thabhairt chun réitigh lenár mian chun caomhnaithe réasúnta. Lárnach sa chur chuige seo tá tuiscint ar an mbaint dhlúth atá ag caomhnú na hoidhreachta leis an bhforbairt inbhuanaithe. Aithnítear na deacrachtaí a bhaineann le ceisteanna inbhuanaithe a réiteach: 'Ní thuigeann éinne go hiomlán conas, nó fiú más féidir, forbairt' inbhuanaithe a bhaint amach; tá comhaontú ag fás, ámh, gur gá í a aimsiú go háitiúil má tá sí le bheith inaimsithe go deo ar leibhéal domhanda'.

[1] Is féidir 'forbairt inbhuanithe' a shainmhíniú mar leanas: saghasanna forbartha agus gníomhaíochta a bhfuil sé mar aidhm acu cáilíocht na beatha a fheabhsú, gan an bonn a bhaint de chaighdeán ár dtimpeallachta nádúrtha. Cuimsíonn an téarma ceisteanna sóisialta, eacnamaíochta agus timpeallachta, agus aithnítear nár cheart go mbeidís san i gcoinbhliocht lena chéile.

[2] International Council for Local Environmental Initiatives, The Local Agenda 21 Planning Guide, Canada, 1996, lch 1.

INTRODUCTION

County Kerry and its heritage, at the western edge of Europe have historically escaped from the ravages of intense development pressure. The current pressure on the county's unique and fragile heritage far exceeds anything that could have been envisaged in the past.

The county forms the last refuge, on a national and international scale, for many species and landscapes. If we are to preserve the unique, distinctive and varied heritage of County Kerry, everyone must acknowledge, appreciate and conserve it. We need to conserve this non –renewable resource while facilitating sustainable development. It is vital for us to understand the issues relating to sustainable development to allow tourist, farmer and businessman, local and non-local to be able to live and work together in harmony with each other and their heritage. This Heritage Plan has been devised as a first step in the creation of a greater awareness of heritage issues and the development of pro-active policies. This plan is only a start, it will take several plans and significant co-operation and funding to make heritage conservation, education and sustainable development a reality throughout the county, across the spectrum of activities, that interact with our Heritage.

The actions in the plan take into consideration national and international policy and legislation and are tailored to maximise Kerry County Councils ability to

- Deliver on aims and projects within the plan
- Work with other agencies
- Co-ordinate Policy
- Secure funding.

Heritage Plans are being compiled by Local Authorities to facilitate a greater understanding of our heritage among local government, national agencies, non government agencies and local communities; to ensure that we make the most informed decisions possible concerning the future of our shared heritage. It is a question of balancing the need for legitimate change with the desire for reasonable conservation.
Central to this approach is the recognition of the close links between heritage conservation and sustainable development .
The difficulty of addressing issues of sustainability has been acknowledged: "No one fully understands how, or even if, sustainable development can be achieved; however, there is a growing consensus that it must be accomplished at the local level if it is ever to be achieved on a global basis."

"Sustainable development" can be defined as: forms of development and activity, which seek to improve the quality of life without undermining the quality of our natural environment. It embraces social, economic and environmental issues and recognizes that none should be in conflict with the other
International Council for Local Environmental Initiatives, The Local Agenda 21 Planning Guide, Canada, 1996, p1.

U. Cosgrave

M. Connolly

Ar leibhéal náisiúnta is cuid de pholasaí an rialtais iad Plean Náisiúnta Oidhreachta agus Plean Náisiúnta Bithéagsúlachta. Spreagann siadsan ullmhú agus feidhmiú pleananna áitiúla, ar bhonn contae, pleananna a chomhordaíonn Údaráis Áitiúla trí phost an Oifigigh Oidhreachta.

Mar shainmhíniú, áiríonn Acht Oidhreachta 1995 séadchomharthaí, earraí seandálaíochta, earraí oidhreachta, oidhreacht ailtireachta, flora agus fauna, gnáthóga fiabheatha, tírdhreacha, dreacha farraige, raiceanna, geolaíocht, gairdíní agus páirceanna oidhreachta, uiscebhealaí intíre a bheith ina ngnéithe den oidhreacht náisiúnta. Ní phléitear leis an teanga Ghaeilge agus leis na hEalaíona sa phlean seo mar tá pleananna Ealaíon agus Gaeilge á bhfeidhmiú san Údarás Áitiúil. Tacaíonn an plean seo lena bhfuil sna pleananna úd agus i bPleananna eile de chuid an Údaráis Áitiúil.

M. Connolly

M. Bowyer

Nationally, a National Heritage Plan and National Biodiversity Plan form part of government policy in relation to heritage. Both encourage the production and implementation of local plans, on a county basis, co-ordinated by Local Authorities through the Heritage Officer post.

The Heritage Act, 1995, defines national heritage as including monuments, archaeological objects, heritage objects, architectural heritage, flora, fauna, wildlife habitats, landscapes, seascapes, wrecks, geology, heritage gardens and parks, inland waterways. Irish language and culture and the Arts have not been dealt with in this plan as there are existing Arts and Irish plans in operation within the Local Authority. This plan supports the actions contained within these and other Local Authority Plans.


U. Cosgrave

T. Fox

MODH-EOLAÍOCHT

MAR A BHÍ

Tugadh cuireadh do roinnt daoine agus grúpaí a bheith páirteach i bhFóram Oidhreachta i mBealtaine 2001[1]. Roinneadh an Fóram i dtrí ghrúpa oibre.

1. Seandálaíocht (Músaeim/ Earraí oidhreachta san áireamh).
2. Ailtireacht.
3. *Flora & Fauna*

Tionóladh cruinniú tosaigh, comhordaíodh a raibh le rá agus tiomsaíodh doiciméad oibre. Ansin scaipeadh an doiciméad ar eagrais rialtasacha, ar eagraiochtaí neamhrialtasacha agus ar aonáin a bhí ag obair i réimse na hoidhreachta lena dtuairimí a fháil.

Cuireadh dréacht comhairliúcháin phoiblí iomlán le chéile ansin, agus d'fhaomhaigh an Coiste Polasaí Cultúir, Oidhreachta agus Aíneasa agus an Chomhairle Contae é. Lean tréimhse dhá sheachtain déag de chomhairliúchán poiblí é sin. Deineadh athbhreithniú ar na haighneachtaí a fuarthas agus tiomsaíodh an doiciméad deiridh. Cuireadh an doiciméad seo i láthair an Coiste Polasaí Cultúir, Oidhreachta agus Aíneasa arís eile, agus seoladh ar aghaidh uaidh sin go dtí an Comhairle Contae é le go nglacfaí leis. Tá glactha leis an bplean, is cuid de pholasaí an Údaráis Áitiúil anois é, agus is é atá ann an chuid is mó de chlár oibre an Oifigigh Oidhreachta é sna cúig bliana romhainn.

MAR ATÁ

Baineann ceithre phríomh-threoirghníomh le Dréachtphlean Oidhreachta Chomhairle Contae Chiarraí.

1. Acmhainní (Acm)
2. Bainistiú (Bain)
3. Bailiú Sonraí (BaSo)
4. Craobhscaoileadh (Cr)

Faoi gach gné den Oidhreacht mar a shainmhínítear í in Acht 1995[2], ag fágaint uiscebhealaí intíre as an áireamh, ceapadh sraith d'aidhmeanna agus tionscadail atá ag teacht leis na treoirghníomhartha uileghabhálacha. Aithníodh iadsan is mó a bhfuil dlúthbhaint acu leis na tionscadail a thabhairt chun críche, agus moltar dáta leis na gníomhartha a bheith curtha i bhfeidhm.

1. Aguisín 1

2. Mar shainmhíniú, áiríonn an tAcht Oidhreachta, 1995, séadchomharthaí, earraí seandálaíochta, earraí oidhreachta, oidhreacht ailtireachta, flora agus fauna, gnáthóga fiabheatha, tírdhreacha, dreacha farraige, raiceanna, geolaíocht, gairdíní agus páirceanna oidhreachta, uiscebhealaí intíre a bheith ar an oidhreacht náisiúnta.
Níl uiscebhealaí intíre i gContae Chiarraí mar a shainítear iad faoin Acht Oidhreachta 1995, Acht na gCanálach 1986 agus faoi Acht Loingseoireachta na Sionainne 1990

METHODOLOGY

THE PAST

A number of individuals and groups were invited to sit on a Heritage Forum in May 2001[1]. This forum was divided into 3 working groups

1. Archaeology (including Museums/Heritage objects),
2. Architecture
3. Flora & Fauna.

An initial meeting was held, comments were co-ordinated and a working document was compiled. This document was then issued to Government bodies and Non Government Agencies and individuals working in the field of heritage, for comment.
A full public consultation draft was then compiled and was approved by the Culture, Heritage and Recreation Strategic Policy Committee and the County Council. A period of 12 weeks of public consultation then followed. The submissions received were reviewed and the final document was compiled. This document was once again presented to the Culture, Heritage and Recreation Strategic Policy Committee and forwarded for adoption to the County Council. The plan, having been adopted, now forms part of Local Authority policy and forms the bulk of the work programme for the Heritage Office over then next 5 years.

THE PRESENT

The Kerry County Council Heritage Plan has 4 main guiding actions

1. Resources (R)
2. Management (M)
3. Data Collection (DC)
4. Dissemination (D)

Under each aspect of Heritage as defined in the 1995 Act [2] , with the exception of inland waterways , a series of aims and projects have been devised to meet the overall guiding actions. Those most involved with the delivery of the projects, and a proposed date for the implementation of the actions, have been identified.

---

1. Appendix 1

2. The Heritage Act, 1995, defines national heritage as including monuments, archaeological objects, heritage objects, architectural heritage, flora, fauna, wildlife habitats, landscapes, seascapes, wrecks, geology, heritage gardens and parks, inland waterways. County Kerry does not have inland waterways as defined by the 1995 Heritage Act, Canals Act 1986 and Shannon Navigation Act 1990.

MAR A BHEIDH

Déanfaidh an Fóram athchóirithe Oidhreachta dlúthmhonatóireacht ar an bplean. Beidh athbhreithniú lártéarma ann in 2005. Tosófar ar phlean nua a dhréachtadh in 2007. Baineann táscairí feidhmíochta corparáideacha an Oifig Oidhreachta, chomh maith le gníomhaíochtaí na Straitéise Contae, Meitheal Chiarraí, go dlúth leis an bPlean Oidhreachta. Déantar athbhreithniú neamhspleách ar na táscairí agus na bearta seo.

R. Hooton

M. Connolly


U. Cosgrave

THE FUTURE

The plan will be closely monitored through the reformed Heritage Forum. A mid-term review will take place in 2005. The process of drafting a new plan will commence in 2007. The Heritage Offices' corporate performance indicators together with actions within the County Strategy - Meitheal Chiarraí are closely linked to the Heritage Plan. These indicators and actions are under independent review.

M. Connolly

GIORRÚCHÁIN / ABBREVIATIONS

A	Archivist	C	Cartlannaí
AEs	Area Engineerss	IC	Innealtóirí Ceantair
BLG	Better Local Government	RÁNF	Rialtas Áitiúil Níos Fearr
CA	County Archaeologist	SC	Seandálaí Contae
CFT	Irish Underwater Council	CFT	Comhairle Fo Thuinn
CLS	County Library Service	SLC	Seirbhís Leabharlainne an Chontae
CO	Conservation Officer	OC	Oifigeach Caomhnaithe
D	Dissemination	CrSc	Craobhscaoileadh
DMNR	Department of Marine & Natural Resources	RMAN	Roinn na Mara agus Acmhainní Nádúrtha
DOELG	Department Environment & Local Government	RCRÁ	An Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil
EAO	Environmental Awareness Officer	OFC	Oifigeach Feasachta Comhshaoil
GIS	Geographical Information Systems	CFT	Córais Feasachta Tíreolais
GSI	Geological Survey of Ireland	SGE	Suirbhé Geolaíoch na hÉireann
GST	Great Southern Trail	MCT	An Mhórchonair Thuaidh
HO	Heritage Officer	OO	Oifigeach Oidhreachta
IAI	Institute of Archaeologists of Ireland	ISÉ	Institiúid Seandálaithe Éireann
IGS	Irish Georgian Society	CSÉ	Cumann Seoirseach Éireann
IMA	Irish Museums Association	CMúsÉ	Cumann Músaem na hÉireann
IMAS	Irish Maratime Archaeological Society	CSMÉ	Cumann Seandálaíochta Muirí na hÉireann
IPA	Institute of Public Administration	AFR	An Foras Riaracháin
IT	Information Technology	TÉ	Teicneolaíocht an Eolais
KAHS	Kerry Archaeology & Historical Society	CSSC	Cumann Seandálaíochta agus Staire Chiarraí
KCC	Kerry County Council	CCC	Comhairle Contae Chiarraí
KCM	Kerry County Museum	MCC	Músaem Chontae Chiarraí
M	Management	Bain.	Bainistíocht
MCD	Músaem Chorca Dhuibhne		
NIAH	National Inventory of Architectural Heritage	FNOA	Fardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta
PD	Planning Department (KCC)	RP	Roinn Pleanála (CCC)
PPU	Planning Policy Unit (KCC)	APP	Aonad Pleanála Polasaí (CCC)
REP	Rural Environmental Protection	CCT	Caomhnú an Chomhshaoil faoin Tuath
RIAI	Royal Institute of Architects in Ireland	IRAÉ	ÉInstitiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann
SO	Sports Development Officer	OS	Oifigeach Forbartha Spóirt
SAC	Special Area of Conservation	CSC	Ceantar Speisialta Caomhnaithe
SPA	Special Protection Area	CCS	Ceantar Cosanta Speisialta
VWT	Vincent Wildlife Trust	IFV	Iontaobhas Fiabheatha Vincent

U. Cosgrave

U. Cosgrave

FEALSÚNACHT

Oidhreacht Chontae Chiarraí a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú trí sonraí a bhailiú, bród a spreagadh, agus modhanna forbartha inbhuanaithe a chleachtadh.

PRÍOMHBHEAR TA

1. Acmhainní (Ac)
Leordhóthain acmhainní a chur ar fáil chun cosaint, caomhnú agus cainníochtú na hoidhreachta a éascú, faoi réir théarmaí tagartha an údaráis áitiúil.

2. Bainistiú (Bain)
Cur chuige comhtháite maidir le Bainistiú Oidhreachta a chur i ngníomh i gcomhthéacs ghníomhaíochtaí an údaráis áitiúil.

3. Bailiú Sonraí (BaSo)
Sonraí a bhailiú ar gach gné d'oidhreacht thógtha agus nádúrtha Chontae Chiarraí.

4. Craobhscaoileadh (Crsc)
Polasaí oideachais réamhghníomhach a leanúint maidir leis an Oidhreacht, laistigh den údarás áitiúil agus i gContae Chiarraí.

PHILOSOPHY

To protect, conserve and enhance the Heritage of County Kerry through the collection of data, promotion of pride and adopting sustainable methods of development.

PRIMARY ACTIONS

1. Resources (R)
   To provide adequate resources to facilitate Heritage protection, preservation and quantification within the remit of Local Authority activities

2. Management (M)
   To enact an integrated approach to Heritage Management within the activities of the local authority

3. Data Collection (DC)
   Collect data on all aspects of County Kerry's built and natural heritage

4. Dissemination (D)
   Pursue a pro-active education policy in respect of Heritage within the local authority and County Kerry

AILTIREACHT

Is mó gné shainiúil ar fiú í a chosaint a bhaineann le hailtireacht an chontae. Tá ár n-ailtireacht dhúchasach, ach go háirithe, i mbaol ar chúiseanna éagsúla, agus ní hé an easpa feasachta an chúis is lú díobh. Tá súil go gcabhróidh na bearta seo ár nOidhreacht ailtireachta a chosaint sa bhfadtréimhse.

	Aidhmeanna	Tionscadail	Gníomhaí	Dáta	Molta mar Chomhpháirtithe
1.1 BaSo Bain	Liosta Cuimsitheacha de Struchtúir Chaomhnaithe a Thiomsú.	1.1a Suirbhé Ailtireachta Contae, nasctha le Fardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta. 1.1b Foirm chlárúcháin a fhorbairt d'iarratais phoiblí a bheith áirithe san RPS.	APP/ OC CFT	2003-07 2004	FNOA. IRAÉ. CSÉ. An Taisce
1.2 Acm	Oifigeach Caomhnaithe agus foireann tacaíochta a cheapadh.		CCC	2003	RCRÁ
1.3 Bain Crsc	Cur chuige ildisciplíneach a fhorbairt san Údarás Áitiúil ar an Oidhreacht Ailtireachta a chaomhnú.	1.3a Buntraenáil chaomhnaithe inseirbhíse ar chosaint na hOidhreachta Ailtireachta d'oifigigh phleanála agus innealtóirí. 1.3b Bunachar sonraí ailtireachta a thiomsú i gcomhair cúrsaí pleanála.	OC/ OO OC/ CFT/OO	2004-07 2004-05	RCRÁ Comhairle Oidhreachta
1.4 Crsc Bain	Feasacht ar an Oidhreacht Ailtireachta a fheabhsú.	1.4a Seimineáir agus ceardlanna poiblí a chur chur ar fáil ar ailtireacht dhúchasach 1.4b Taispeántas ar Ailtireacht Chiarraí a choimisiúnú. 1.4c Sraith 'seó-chásanna'nó modh-thionscadal, samplaí de dhea-chleachtais chaomhnaithe a chur chun cinn i gCiarraí. 1.4d Staidéar bunlíne ar stíleanna ailtireachta dúchasacha i gCiarraí a thiomsú. 1.4e Treoirlínte ar dhearadh cuí tithíochta agus tírdhreachadh do limistéir éagsúla topagrafaíochta i gCiarraí a scrúdú. 1.4f Forbairt ar Dhámhachtainní Caomhnaithe a scrúdú.	OC/OO OO/ OC OC/ OO OC/ OO OC/ APP/ OO OC/ APP/ OO	2004-07 2006-07 2004-07 2005 2004-05 2005-07	Fardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta. RCRÁ. Comhairle Oidhreachta IRAÉ. CSÉ. An Taisce

NEW NEW NEW 19/9/2003 4:00 am Page 19

Architecture

There are many aspects of the architecture of the county that are unique and are desirable to protect. Our vernacular architecture in particular is under threat by a number of factors not least lack of awareness. It is hoped that these actions will assist in the long-term protection of our architectural Heritage.

	Aims	Projects	Action by	Date	Proposed Partners
1.1 DC M	Compile a Comprehensive List of Protected Structures	1.1a County Architecture survey linked to National Inventory of Architectural Heritage 1.1bDevelop a registration form for public application for inclusion in the RPS	PPU/CO/ GIS	2003-07 2004	NIAH RIAI, IGS, An Taisce
1.2 R	Appointment of a Conservation Officer & Support Staff		KCC	2003	DOELG
1.3 M D	Develop a multidisciplinary approach to Architectural Heritage protection within the Local Authority	1.3a Basic in-service conservation training for all planning officers and engineers. 1.3b Compilation of an architectural database for use in planning	CO/HO CO/GIS/HO	2004-07 2004-05	DOELG Heritage Council
1.4 D M	Improve awareness of Architectural Heritage	1.4a Provide public seminars & workshops on vernacular architecture 1.4b Commission an exhibition on Architecture of Kerry 1.4c Promote 'showcases' or 'model projects' - examples of good conservation practice in Kerry. 1.4d Compile a base line study on vernacular architecture styles in Kerry 1.4e Examine guidelines on appropriate house design and landscaping for different topographical areas in Kerry 1.4f Examine the Development of Conservation Awards	CO/HO HO/CO CO/HO CO/HO CO/PPU/HO CO/PPU/HO	2004-07 2006-07 2004-07 2005 2004-05 2005-07	NIAH DOELG Heritage Council RIAI, IGS, An Taisce

PLEAN OIDHREACHTA

SEANDÁLAÍOCHT

Tá tochailtí agus suirbhéanna leanúnacha seandálaíochta ag léiriú go bhfuil oidhreacht seandálaíochta i bhfad níos saibhre ná mar a ceapadh sa chontae. Tá an oidhreacht seandálaíochta seo i mbaol de bharr bainistíochta míchuí agus de bharr brúnna forbartha. Tá súil go dtugann na bearta thíos aghaidh ar an bhfadhb sa ghearrthéarma, agus go gcuireann sé bonn faoin iarracht an acmhainn shainiúil seo a chaomhnú sa bhfadtéarma.

	Aidhmeanna	Tionscadail	Gníomhaí	Dáta	Molta mar Chomhpháirtíithe
2.1 Bain BaSo	Seandálaí Contae agus foireann tacaíochta a cheapadh.	2.1a Moltaí foirne 'Rialtas Áitiúil Níos Fearr' a chur i bhfeidhm.	CCC	2003	RCRÁ. Dúchas.
2.2 Crsc Bain BaSo	Cur chuige ildisciplíneach a fhorbairt san Údarás Áitiúil maidir le cosaint na hOidhreachta Ailtireachta.	2.2a Seimineáir ar an seandálaíocht a cheapadh do phleanálaithe agus innealtóirí. 2.2b Cumarsáid rialta agus cur chuige comhsheasmhach a bhunú le Dúchas, an tSeirbhís Oidhreachta, maidir le pleanáil agus forbairt. 2.2c Suirbhé bunlíne ar scrios séadchomharthaí agus tionchar na forbartha ar an Seandálaíocht i gCiarraí a choimisiúnú. 2.2d Lárbhunachar a chruthú den eolas seandálaíochta ar fad i gCiarraí a bhaineann le hábhar, tuairiscí tochailte agus stratagrafaíochta san áireamh	SC/ OO SC/ OO SC/ OO Cartlannaí SC/OO	2003-06 2003 2004-05 2003-07	Dúchas. Comhairle Oidhreachta. Pleanálaithe CCT. ISÉ, CSSC CSM. An Taisce
2.3 Crsc Bain	Feasacht ar an Oidhreacht Ailtireachta a fheabhsú.	2.3a Clár Oidhreachta Scoile na Comhairle Oidhreachta a chur chun cinn. 2.3b Léachtanna agus taispeántais seandálaíochta a éascú. 2.3c Roghanna maidir le heolas agus comhairle a sholáthar d'úinéirí talún faoi shuíomhanna seandálaíochta ar a gcuid talún a fhiosrú. 2.3d An pobal a spreagadh chun séadchomharthaí nach bhfuil ar taifead agus damáiste do shuíomhanna a thuairisciú.	SC/ OO/ BC SC/ OO/ BC SC/ OO/Dúchas SC/ OO/ Dúchas	2004-07 2004-07 2004-07 2003-07	Ionad Múinteoirí. Comh Oidhreachta. Dúchas. CSSC. An Taisce.
2.4 CrSc Bain	Feasacht a fheabhsú i leith cothabháil reilige.	2.4a. Seimineár ildisciplíneach ar reiligí a éascú le haghaidh na gcoistí bainistíochta reilige uile, agus na foirne cuí ón Údarás Áitiúil. 2.4b An Scéim Bhainistíochta Reilige Pobail a fhoilsiú.	SC/ OO/C/OFC OO/ SC/ OFC Dúchas	2004&07 2003	Dúchas. Comhairle Oidhreachta. CSSC. FÁS.

NEW NEW NEW 19/9/2003 4:00 am Page 21

Archaeology

Ongoing archaeological excavations and survey are unveiling an archaeological heritage far richer than previously attributed to the County. This archaeological heritage is under threat through inappropriate management and development pressures. The actions below hope to address this problem in the short term and lay the groundwork for long-term preservation of this unique resource.

	Aims	Projects	Action by	Date	Proposed Partners
2.1 M	Appoint County Archaeologist & support staff	2.1a Implement Better Local Government staffing proposals	KCC	2003	DOELG, Dúchas
2.2 D M DC	Develop a multidisciplinary approach to Archaeological Heritage protection within the Local Authority	2.2a Devise archaeology seminars for planners and engineers. 2.2bFacilitate regular communication and establish consistancy of approach regarding planning & development with Dúchas – the Heritage Service 2.2cCommission a baseline survey of monument destruction and the impact of development on Archaeology in Kerry 2.2d Create central database of all relevant information concerning archaeology in Kerry including excavation and stratagraphic reports	CA/HO CA/HO CA/HO Archivist/ CA/HO	2003-06 2003 2004-05 2003-07	Dúchas, Heritage Council, REPS planners, Agri Advisors, IAI, KAHS, MAS, An Taisce
2.3 D M, DC	Improve awareness of Archaeological Heritage	2.3a Promote Heritage Councils Heritage in Schools programme and integrate it with current Local Authority education programmes 2.3bFacilitate Archaeological lectures and exhibitions 2.3cInvestigate options for informing and advising landowners regarding Archaeological sites on their land 2.3d Encourage public reporting of unrecorded monuments and damage to sites	CA/HO/CM CA/HO/CM CA/HO/ Dúchas	2004-07 2004-07 2004-07 2003-07	Teachers Ed Centre Heritage Council Dúchas, KAHS, An Taisce
2.4 D M	Improve awareness in respect of graveyard maintenance	2.4a Facilitate a multi-disciplinary graveyard seminar for all graveyard management committees and appropriate Local Authority staff 2.4b Publish The Community Graveyard Management Scheme	CA/HO/A/EAO HO/CA/EAO/Dúchas	2004 & 07 2003	Dúchas Heritage Council KAHS FAS

FLORA AGUS FAUNA

De bharr na haoráide fionnuaire agus na tírdreiche measctha faightear mórán micreaghnáthóga i gContae Chiarraí, agus cothaíonn sé seo ilchineálacht shainiúil phlandaí agus ainmhithe. Acmhainn nach beag é seo mar is léir i gcás tionscal na turasóireachta. Is acmhainn í a chaithfear a bhainistiú go cúramach ar eagla a aimhleasa.

	Aidhmeanna	Tionscadail	Gníomhaí	Dáta	Molta mar Chomhpháirtithe
3.1 BaSo Bain	Faisnéis a bhaineann le hábhar a chur ar fáil mar chúnamh sa phróiseas pleanála.	3.1a Bunachar comhtháite sonraí a thiomsú de na timpeallachtaí agus speicis chaomhnaithe go léir, lena úsáid chun bunachar iomlán a phleanáil den taighde reatha ar thimpeallachtaí i gCiarraí. 3.1b Cumarsáid rialta a éascú, agus cur chuige comhsheasmhach a bhúnú le Dúchas, An tSeirbhís Oidhreachta, maidir le pleanáil agus forbairt. 3.1c Plean Bithéagsúlachta a thiomsú. 3.1d Tacú le cur i bhfeidhm pleananna bainistíochta Dúchas do Limistéir Oidhreachta Náisiúnta (LON), Ceantair Speisialta Chaomhnaithe (CSC) agus Ceantair Chosanta Speisialta (CCS). 3.1e Treoirlínte tírdhreiche d'Fhorbairtí Rialtais Áitiúil a scrúdú.	OO/ OFC/ CFT OO/ OFC OO/ OFC OO/ OFC/ RP/ APP&RP OO/ OFC/ RP/ APP&RP	2004-7 2003 2003-04 2003-2007 2003-04	Dúchas. RCRÁ. Comhairle Oidhr. An Taisce.
3.2 Acm Bain	Ról an Oifigigh Feasachta Comhshaoil a scrúdú	3.2a Ceapadh Oifigeach Feasachta um Oidhreacht Nádúrtha a chur san áireamh	CCC	2003	Dúchas. Comh Oidhreachta. RCRÁ.
